Tá an Diosca Crua USB formáidithe go heisiach don teilifís seo agus ní féidir leat na taifeadtaí stóráilte a úsáid ar theilifís ná ar ríomhaire eile. Ná cóipeáil agus ná hathraigh comhaid taifeadtaí ar an Diosca Crua USB le haon fheidhmchlár ríomhaireachta. Truailleoidh sé sin do thaifeadtaí. Nuair a fhormáidíonn tú Diosca Crua USB eile, caillfear an méid a bhí ar an gceann roimhe sin. Beidh athfhormáidiú ag teastáil ó Dhiosca Crua USB atá suiteáilte ar do theilifís le haghaidh a úsáide le ríomhaire.

Chun tuilleadh eolais a fháil, brúigh **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Cuir teilifís ar sos** nó **Taifeadadh**.

4.12

Méarchlár nó luch USB

Méarchlár, nasc

Suiteáil an Méarchlár

Nasc méarchlár USB (den chineál USB-HID) chun téacs a chur isteach ar do theilifís.

Is féidir leat méarchlár agus luch a nascadh leis an teilifís.

Úsáid ceann de na naisc **USB** chun nascadh.



Suiteáil an méarchlár

Cas air an teilifís agus nasc an méarchlár USB le ceann de na naisc **USB** ar an teilifís chun an méarchlár USB a shuiteáil. Nuair a bhraitheann an teilifís an méarchlár den chéad uair, is féidir leat leagan amach do mhéarchláir a roghnú agus do rogha a thástáil. Má roghnaíonn tú leagan amach méarchláir Choireallaigh nó Ghréigise ar dtús, is féidir leat leagan amach méarchláir Laidinigh a roghnú mar cheann tánaisteach.

Chun socrú leagan amach an mhéarchláir a athrú nuair a roghnaíodh leagan amach…

1 - Brúigh ⚙ agus brúigh ◀ (clé) le haghaidh **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Socruithe Ginearálta** agus cliceáil **Socruithe Méarchláir USB** chun suiteáil an mhéarchláir a thosú.

Méaracha

Méaracha chun téacs a chur isteach

- Eochair iontrála = OK
- Cúlspás = scrios an carachtar roimh an gcúrsóir
- Méaracha saighde = bogadh laistigh de réimse téacs
- Chun athrú ó leagan amach méarchláir amháin go ceann eile, má tá leagan amach tánaisteach socraithe, brúigh na méaracha **Ctrl + Spásbharra** ag an am céanna.

Méarcha d'Fheidhmchláir Smart TV agus do leathanaigh Idirlín

- Táb agus Iomlaoid + Táb = Ar Aghaidh agus Siar
- Baile = scrollaigh go dtí barr an leathanaigh
- Deireadh = scrollaigh go dtí bun an leathanaigh
- Leathanach Suas = téigh leathanach amháin suas
- Leathanach Síos = téigh leathanach amháin síos
- + = zúmáil isteach céim amháin
- - = zúmáil amach céim amháin
- * = cuir an leathanach gréasáin in oiriúint do leithead an scáileáin.

Luch, nasc

Nasc luch USB

Is féidir leat Luch USB (den chineál USB-HID) a nascadh chun leathanaigh a nascleanúint ar an teilifís.

Nasc an luch

Cas air an teilifís agus nasc an luch USB le ceann de na naisc **USB**ar an teilifís. Is féidir leat an luch USB a nascadh freisin le méarchlár USB nasctha.

Cliceanna lucha

- Cléchliceáil = **OK**
- Deaschliceáil = **Siar** ⮌

Is féidir leat an roth scrolla a úsáid chun leathanaigh a scrolláil suas agus síos.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin gcaoi méarchlár a nascadh, brúigh an eochair datha **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Méarchlár USB**.

Luas Luiche

Is féidir leat luas na luiche ar an scáileán a athrú.

Chun an luas a athrú…

1 - Brúigh ⚙ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Roghnaigh **Socruithe ginearálta** > **Socruithe pointeora / luiche** agus brúigh **OK**.
3 - Brúigh na saigheada ▲ (suas) nó ▼ (síos) chun an luas a ardú nó a ísliú.
4 - Brúigh an tsaighead ▶ (deas) chun an luch a bhogadh chun an luas atá socraithe a thástáil.
5 - Brúigh an tsaighead ◀ (Clé) chun filleadh ar an mbarra sleamhnáin. Is féidir leat an socrú a athrú arís.
6 - Agus an barra sleamhnáin roghnaithe agat, brúigh ◀ (clé) chun an socrú seo a stóráil agus a dhúnadh.
7 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

4.13

Méaróg Chuimhne USB

Is féidir leat féachaint ar ghrianghraif nó do cheol agus físeáin a sheinnt ó mhéaróg USB nasctha.

Cuir isteach méaróg chuimhne USB i gceann de na naisc **USB** ar an teilifís nuair atá an teilifís casta air.

Aimsíonn an teilifís an méaróg USB agus osclaíonn sé liosta a

thaispeánann a bhfuil air.
Mura bhfuil liosta na n-ábhar le feiceáil go huathoibríoch, brúigh **SOURCES** agus cliceáil **USB**.

Chun éirí as a bheith ag féachaint ar ábhar ón méaróg chuimhne USB, brúigh **Teilifís** nó roghnaigh gníomhaíocht eile.
Chun an mhéaróg USB a dínascadh, is féidir leat an mhéaróg USB a tharraingt amach am ar bith.

Ultra HD ar USB

Is féidir leat féachaint ar ghrianghraif i dtaifeach Ultra HD ó ghléas nasctha USB nó ó mhéaróg chuimhne. Laghdóidh an teilifís an mhéid go Ultra HD má tá taifeach an ghrianghraif níos airde. Ní féidir leat físeán Ultra HD dúchasach a sheinnt ar aon cheann de na naisc USB.

Chun tuilleadh eolais faoin gcaoi féachaint ar ábhar ó mhéaróg chuimhne USB nó é a sheinnt a fháil, brúigh an eochair datha **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Ghrianghraif, Físeáin agus Ceol**.

4.14

Ceamara grianghraif

Chun féachaint ar ghrianghraif atá stóráilte ar do cheamara grianghraf digiteach, is féidir an ceamara a nascadh go díreach leis an teilifís.

Úsáid ceann de na naisc **USB** ar an teilifís chun nascadh. Cas air an ceamara tar éis duit an nasc a dhéanamh.

Mura bhfuil liosta na n-ábhar le feiceáil go huathoibríoch, brúigh **SOURCES**, agus cliceáil **USB**.
Tá an seans ann go mbeidh ort do cheamara a shocrú chun an t-ábhar atá air a aistriú le PTP (Protacál Aistrithe Pictiúr). Léigh treoirleabhar úsáideora an cheamara grianghraf digiteach.

Ultra HD ar USB

Is féidir leat féachaint ar ghrianghraif i dtaifeach Ultra HD ó ghléas nasctha USB nó ó mhéaróg chuimhne. Laghdóidh an teilifís an mhéid go Ultra HD má tá taifeach an ghrianghraif níos airde. Ní féidir leat físeán Ultra HD dúchasach a sheinnt ar aon cheann de na naisc USB.

Chun tuilleadh eolais faoin gcaoi féachaint ar ghrianghraif a fháil, brúigh an eochair datha **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Ghrianghraif, Físeáin agus Ceol**.

Ultra HD ar USB

Is féidir leat féachaint ar ghrianghraif i dtaifeach Ultra HD ó ghléas nasctha USB nó ó mhéaróg chuimhne. Laghdóidh an teilifís an mhéid go Ultra HD má tá taifeach an ghrianghraif níos airde. Ní féidir leat físeán Ultra HD dúchasach a sheinnt ar aon cheann de na naisc USB.

4.15

Camthaifeadán

HDMI

Chun an caighdeán is fearr a fháil, úsáid cábla HDMI chun an camthaifeadán a nascadh leis an teilifís.



Clé/Deas / Scart Fuaime-Físe

Is féidir leat nasc HDMI, YPbPr nó SCART a úsáid chun do cheamthaifeadán a nascadh. Mura bhfuil ach aschur Físe (CVBS) agus Fuaime Clé/Deas ag do cheamthaifeadán, úsáid cuibheoir Físe Fuaime Clé/Deas go SCART (díoltar as féin é) chun nascadh leis an nasc SCART.



4.16

Ríomhaire

Nasc

Is féidir leat do ríomhaire a nascadh leis an teilifís agus an teilifís a úsáid mar mhonatóir ríomhaire.

Le HDMI

Úsáid cábla HDMI chun an ríomhaire a nascadh leis an teilifís.



DVI go HDMI

Mar rogha air sin, is féidir leat cuibheoir DVI go HDMI a úsáid (díoltar as féin é) chun an ríomhaire a nascadh le HDMI agus cábla fuaime Clé/Deas (mion-seac 3.5mm) le AUDIO IN - L/R ar chúl na teilifíse.



Socruithe

Má chuirtear do ríomhaire isteach sa roghchlár Foinse (liosta nasc) mar ghléas den chineál Ríomhaire, socraítear an teilifís don socrú is fearr Ríomhaire go huathoibríoch.

Má úsáideann tú do ríomhaire chun féachaint ar scannáin nó cluichí a imirt, b'fhéidir go mbeidh uait socrú na teilifíse a athrú ar ais go dtí an socrú is fearr chun féachaint ar chláir teilifíse nó cluichíochta.

Chun an teilifís a shocrú de láimh go dtí an socrú is fearr a fheileann…

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) le haghaidh **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Pictiúr** > **Ardsocruithe** agus cliceáil **Cluiche nó Ríomhaire**.
3 - Cliceáil **Cluiche** (do chluichíocht) nó cliceáil **Ríomhaire** (chun féachaint ar scannán).
4 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Ná déan dearmad an socrú Cluiche nó ríomhaire a chur ar ais go **Ríomhaire** nuair a éiríonn tú as imirt an chluiche.

4.17

Cluasáin

Is féidir leat cluasáin a nascadh leis an nasc 🎧 ar chúl na teilifíse. Is mion-seac 3.5mm an nasc. Is féidir leat airde fuaime na gcluasán a athrú leo féin.

Chun an airde fuaime a athrú…

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Fuaim** > **Airde Fuaime na gCluasán** agus athraigh an luach leis an mbarra sleamhnáin.
3 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.



4.18

Fo-dhordaire gan sreang SWB50

Nasc

Tagann do theilifís leis an bhfo-dhordaire gan sreang Philips SWB 50.

Murar phéireáil tú an fo-dhordaire gan sreang leis an teilifís i rith suiteála tosaigh na teilifíse nó má bhí an fo-dhordaire péireáilte le teilifís eile roimhe sin, is féidir leat an fo-dhordaire a phéireáil leis an teilifís seo sa roghchlár Suiteáil.

Chun an fo-dhordaire a phéireáil leis an teilifís …

1 - Lonnaigh an fo-dhordaire laistigh d'achar 5 méadar ón teilifís agus nasc leis an bpríomhlíonra cumhachta é. Tosóidh an lasc ar an bhfo-dhordaire ag caochaíl.
2 - Ar chianrialtán na teilifíse, brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) le haghaidh **Suiteáil**.
3 - Cliceáil **Fuaim** > **Callaire gan sreang** > **Cuir Callaire nua leis an liosta**.
4 - Brúigh an lasc ar an bhfo-dhordaire ar feadh 4 soicind ar a laghad - beidh an lasc ag caochaíl go tapaidh.
5 - Ar an teilifís, roghnaigh **Nasc** agus brúigh **OK** chun tosú ag péireáil an fo-dhordaire leis an teilifís.
6 - Taispeánfar teachtaireacht nuair a éiríonn leis an bpéireáil.
7 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

An Lonnú is Fearr

Cinntigh go bhfuil an fo-dhordaire laistigh d'achar 5 méadar ón teilifís. Anuas air sin, lonnaigh an fo-dhordaire ar a laghad 30 cm amach ó bhalla nó dromchla mór ingearach. Is féidir leat an fo-dhordaire a leagan síos cothrom leis an urlár nó ina sheasamh.

Is é an suíomh is fearr don bhfo-dhordaire gan sreang ná faoin tolg a mbíonn tú i do shuí air agus tú ag féachaint ar an teilifís.

Air, Fuireachas nó Caochaíl

Chomh luath is atá an fo-dhordaire gan sreang péireáilte leis an teilifís, casfaidh sé air nuair a chasann tú air an teilifís agus athróidh sé go fuireachas nuair a athraíonn tú an teilifís go fuireachas. Is féidir leat an fo-dhordaire a dhíphlugáil ón bpríomhlíonra cumhachta ach d'fhéadfadh sé roinnt ama a thógáil sula nascfaidh an fo-dhordaire leis an teilifís go huathoibríoch arís.

Athraigh dathanna LED

- Dearg, tá an fo-dhordaire ar fuireachas.
- Gorm, tá an fo-dhordaire péireáilte agus seinneann sé fuaim na teilifíse.
- Caochaíl mhall ghorm, níl an fo-dhordaire nasctha le teilifís.
- Caochaíl thapaidh ghorm, tá an fo-dhordaire oscailte le haghaidh a phéireála leis an teilifís.



4.19

Callairí gan Sreang

Chun fuaim na teilifíse a sheinnt ar challaire gan sreang, ní mór duit an callaire gan sreang a phéireáil leis an teilifís. Is féidir leat suas le 10 callaire gan sreang a phéireáil ach ní féidir leat ach fuaim a sheinnt ar 1 fo-dhordaire nó barra fuaime ag aon am amháin. Lonnaigh an callaire gan sreang laistigh d'achar 5 méadar ón teilifís.

Chun callaire gan sreang a phéireáil leis an teilifís…

1 - Cas air an callaire gan sreang agus lonnaigh laistigh de raon na teilifíse é. Léigh treoir úsáideora an ghléis chun eolas sonrach a fháil faoi phéireáil agus faoi raon gan sreang.
2 - Brúigh ⚙ agus brúigh ◀ (clé) le haghaidh **Suiteáil**.
3 - Cliceáil **Fuaim** > Callairí gan Sreang > **Cuir Callaire Nua leis an liosta**.
4 - Lean na treoracha ar an scáileán. Péireálfaidh tú an gléas leis an teilifís agus stórálfaidh an teilifís an nasc.
5 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Chun tuilleadh eolais faoin gcaoi an callaire gan sreang a roghnú, brúigh an eochair datha ▬ **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Callairí gan Sreang, roghnaigh**.

5

Ag Casadh Air agus As

5.1

Air, Fuireachas nó As

Sula gcasfaidh tú an teilifís air, cinntigh go bhfuil an príomhlíonra cumhachta plugáilte isteach sa nascóir **POWER** ar chúl na teilifíse.

Chun an teilifís a chur ar Fuireachas nuair atá an solas táscaire casta as, brúigh an eochair bheag luamháin stiúrtha ar chúl na teilifíse. Lasfaidh an táscaire.

Nuair atá an teilifís i bhFuireachas, brúigh ⏻ ar an gcianrialtán chun an teilifís a chasadh air. Mar rogha air sin, brúigh ⌂ **HOME**.

Athraigh ar ais go Fuireachas

Chun an teilifís a athrú go dtí Fuireachas, brúigh ⏻ ar an gcianrialtán.

Cas as

Chun an teilifís a chasadh As, brúigh an eochair luamháin stiúrtha. Casfar an solas táscaire as.
Tá an teilifís nasctha leis an bpríomhlíonra cumhachta i gcónaí ach is beag fuinneamh atá á tomhailt aici.

Bain amach an pluga cumhachta chun an teilifís a chasadh as ar fad.
Nuair a dínascann tú an pluga cumhachta, tarraing an pluga cumhachta i gcónaí, ná tarraing an seolán. Bí cinnte go bhfuil rochtain iomlán agat ar an bpluga cumhachta, an seolán cumhachta agus ar an soicéad asraoin i gcónaí.

5.2

Gile Logó Philips

Is féidir leat gile an lógó Philips ar aghaidh na teilifíse a chasadh as nó a choigeartú.

Chun é a choigeartú nó a chasadh as…

1 - Brúigh ⚙ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Socruithe Ginearálta** agus cliceáil **Gile Lógó Philips**.
3 - Roghnaigh **Uasmhéid**, **Meán**, **Íosmhéid** nó roghnaigh **As** chun soilsiú an lógó a chasadh as.
4 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

5.3

Roghchlár bunúsach

Má tá an cianrialtán caillte agat, nó má tá a cheallraí caite, is féidir leat roinnt oibríochtaí bunúsacha teilifíse a dhéanamh i gcónaí.

Chun an roghchlár bunúsach a oscailt…

1 - Agus an teilifís casta air agat, brúigh an eochair luamháin stiúrtha ar chúl na teilifíse chun an roghchlár bunúsach a oscailt.
2 - Brúigh clé nó deas chun **Airde fuaime**, **Cainéal** nó **Foinsí** a roghnú. Má tá an teilifís i Suíomh Siopa, is féidir leat **Ceamara** a roghnú freisin.
3 - Brúigh suas nó síos chun an airde fuaime a athrú nó tiúnáil go dtí an chéad chainéal eile, nó an ceann roimhe sin. Brúigh suas nó síos chun dul trí liosta na bhfoinsí, lena n-áirítear roghnú tiúnóra. Brúigh an eochair luamháin stiúrtha chun an ceamara a shleamhnú amach.
4 - Imeoidh an roghchlár as amharc go huathoibríoch.

Chun an teilifís a chasadh as, roghnaigh **Teilifís As** agus brúigh an eochair luamháin stiúrtha.

5.4

Uaineadóir Codlata

Is féidir leat an teilifís a shocrú chun athrú go dtí an staid fuireachais go huathoibríoch tar éis tréimhse ama shainiúil leis an **Amadóir Codlata**.

Chun an Amadóir Codlata a shocrú…

1 - Brúigh ⚙ agus brúigh ◀ (Clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Socruithe Ginearálta** > **Amadóir Codlata**. Is féidir leat an t-am a shocrú ar feadh suas le 180 nóiméad in eatraimh de 5 nóiméad leis an mbarra sleamhnáin. Má shocraítear go 0 nóiméad é, castar an t-amadóir codlata as. Is féidir leat i gcónaí do theilifís a chasadh as níos luaithe nó an t-am a athshocrú i rith an chomhairimh síos.
3 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

5.5

Amadóir Casta As

Má fhaigheann an teilifís comhartha teilifíse ach mura mbrúfaidh tú méar ar an gcianrialtán i rith thréimhse 4 uair, casfaidh an teilifís as go huathoibríoch chun fuinneamh a choigilt. Anuas air sin, mura bhfhaigheann an teilifís comhartha teilifíse nó ordú cianrialtáin ar feadh 10 nóiméad, casfaidh an teilifís as go huathoibríoch.

Má úsáideann tú an teilifís mar mhonatóir nó má úsáideann tú glacadóir digiteach chun féachaint ar an teilifís (Bosca bairr - STB) agus mura n-úsáideann tú cianrialtán na teilifíse, ba cheart duit an socrú chun an gléas a chasadh as go huathoibríoch a dhíghníomhachtú.

Chun an tAmadóir Casta As a dhíghníomhachtú …

1 - Brúigh ⚙ agus cliceáil **Éicea-socruithe**.
2 - Cliceáil **Amadóir Casta As**. Cliceáil laistigh den bharra sleamhnáin chun an luach a choigeartú. Díghníomhachtóidh an luach **0** (As) an casadh as uathoibríoch.

Taispeánfar an deilbhín 🍃 ar aghaidh Amadóir Casta As nuair atá sé gníomhach.

Chun tuilleadh eolais faoi shocruithe teilifíse atá báúil don timpeallacht a fháil, brúigh an eochair datha ▬ **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Éicea-socruithe**.

6

Cianrialtán

6.1

Forbhreathnú ar na heochracha

Barr



1 - Fuireachas / Air
Chun an teilifís a chasadh air nó ar ais go Fuireachas.

2 - Athsheinm agus Taifead
- Brúigh ▶, chun athsheinm.
- Cuir ar sos ⏸, chun athsheinnt a chur ar sos
- Brúigh ■, chun athsheinnt a stopadh
- Atochras ◀◀ chun atochras
- Brúigh ▶▶, chun mearchasadh
- Brúigh ●, chun taifeadadh a thosú

3 - Ambilight
Chun Ambilight a chasadh air nó as, agus chun Ambilight a chasadh air ar Fuireachas.

4 - TV GUIDE
Chun an tEolaire teilifíse a oscailt nó a dhúnadh.

5 - VOICE micreafón

Socruithe
Chun an roghchlár Socruithe a oscailt.

7 - Formáid Pictiúir
Chun an roghchlár Formáid Pictiúir a oscailt nó a dhúnadh.

8 - 3D
Chun an roghchlár 3D a oscailt nó a dhúnadh nó chun athrú go 3D láithreach.

9 - VOICE
Chun iarratas cuardaigh a thosú le hionchur gutha.

Lár



1 - HOME
Chun an roghchlár Baile a oscailt.

2 - SOURCES
Chun an roghchlár Foinsí a oscailt.

3 - Méaracha datha
Roghnú díreach roghanna. Osclaíonn an eochair ghorm, **Cabhair**.

4 - INFO
Chun eolas cláir a oscailt nó a dhúnadh.

5 - BACK
Chun athrú ar ais go dtí an cainéal a roghnaigh tú roimhe sin.
Chun roghchlár a dhúnadh gan socrú a athrú.
Chun filleadh ar an bhFeidhmchlár/leathanach Idirlín roimhe sin.

6 - EXIT
Chun athrú ar ais d'fhéachaint teilifíse. Chun feidhmchlár teilifíse idirghníomach a fhágáil.

7 - OPTIONS
Chun an roghchlár Roghanna a oscailt nó a dhúnadh.

8 - Eochair **OK**
Chun rogha nó socrú a dhearbhú. Chun Pointeoir a ghníomhachtú agus cliceáil.

9 - Eochracha **saighde/ nascleanúna**
Chun dul suas, síos, ar chlé nó ar dheas.

10 - MULTIVIEW
Chun scáileán beag breise a oscailt.

Bun



1 - Airde fuaime

Chun airde na fuaime a athrú.

2 - Eochracha uimhreach
Chun cainéal a roghnú go díreach.

3 - SUBTITLE
Chun Fotheidil a chasadh air, as nó air i rith balbhaithe.

4 - ☰ LIST
Chun an Liosta cainéal a oscailt nó a dhúnadh.

5 - ⋮⋮⋮ Cainéal
Chun athrú go dtí an chéad chainéal eile nó an cainéal roimhe sin, chun an chéad leathanach eile nó an leathanach roimhe sin in Téacs/Teilitheács a oscailt nó chun an chéad chaibidil eile nó an chaibidil roimhe sin ar dhiosca a thosú. Chun an chéad leathanach eile nó an leathanach roimhe sin a oscailt in Téacs/Teilitheács. Chun an chéad chaibidil eile nó an chaibidil roimhe sin ar dhiosca a thosú.

6 - Gan fuaim
Chun an fhuaim a chasadh as, nó chun í a chasadh air arís.

7 - TEXT
Chun Téacs/Teilitheács a oscailt nó a dhúnadh.

6.2

Cianrialtán, Pointeoir

Maidir leis an bPointeoir

Is féidir leat an **Pointeoir** a úsáid in áit na heochracha saighde chun bogadh ar an scáileán.

Feidhmíonn an Pointeoir cosúil le luch ríomhaire. Bogann tú an Pointeoir — ar saighead ghorm é — tríd an gcianrialtán a bhogadh beagán. Is féidir leat luas an Phointeora a athrú, díreach cosúil le luch ríomhaire.

Is féidir leat na heochracha saighde a úsáid i gcónaí chun rogha a dhéanamh mar rogha ar an bPointeoir. Tá roinnt feidhmchlár ann — cosúil le Téacs/Teilitheács — nó roinnt leathanach Idirlín, nach bhfuil in ann an Pointeoir a thacú. Athróidh an teilifís go huathoibríoch ar ais go dtí na heochracha saighde le haghaidh nascleanúna.

Mura bhfuil uait an Pointeoir a úsáid, is féidir leat é a chasadh as.

Má nascann tú Ceap Stiúrtha, is féidir leat an Ceap Stiúrtha a úsáid chun an Pointeoir a rialú freisin.

An Pointeoir a úsáid

Gníomhachtaigh

Nuair a osclaíonn tú scáileán nó feidhmchlár a thacaíonn le rialú Pointeora, feicfidh tú Pointeoir neamhghníomhach. liath (sos saighde) áit éigin i lár an scáileáin.

Cuir d'ordóg ar an eochair **OK** – ná brúigh é – chun an Pointeoir a ghníomhachtú. Bog an cianrialtán anois ó do rosta, ní gá do lámh a chorraí. Is féidir leat scaoileadh leis an eochair OK agus an Pointeoir a fhágáil san áit a bhfuil sé. Imeoidh an Pointeoir as amharc tar éis 5 soicind. Is féidir leat an cianrialtán a bhogadh agus an Pointeoir a ghlaoch ar ais nuair a chuireann tú d'ordóg ar an eochair OK.

Chun an Pointeoir a dhúiseacht, cuir d'ordóg ar an eochair **OK** agus craith an cianrialtán.

Cliceáil

Chun a bhfuil uait a roghnú, ainligh os cionn na míre leis an bPointeoir agus brúigh – cliceáil – an eochair **OK**. Mar a dhéanann tú le luch ríomhaire. I gcás na **nEochracha Datha**, **INFO** agus **OPTIONS** ní mór duit na heochracha a bhrú ar an gcianrialtán i gcónaí.

Chun eochair a bhrú agus tú i mbun úsáid an Phointeora…

1 - Lonnaigh an Pointeoir ar bharr na míre ar an scáileán – cainéal sa Liosta cainéal mar shampla.
2 - Ardaigh d'ordóg chun an Pointeoir a fhágáil sa suíomh sin.
3 - Brúigh an eochair datha atá ag teastáil uait.
4 - Cuir d'ordóg ar ais ar an eochair chun leanúint ar aghaidh ag úsáid an Phointeora.

Nascleanúint Saighde

Má bhrúnn tú eochair saighde (clé, deas, suas nó síos) chun nascleanúint, imíonn an Pointeoir as amharc. Athraíonn an teilifís go nascleanúint leis na heochracha saighde. Chun an Pointeoir a dhúiseacht, cuir d'ordóg ar an eochair **OK** agus craith an cianrialtán.

Athshuigh

D'fhéadfadh an Pointeoir a bheith curtha ó threo tar éis tamaill. Chun an Pointeoir a athshuí, ardaigh d'ordóg, pointeáil an cianrialtán ar an saighead ghorm ar an scáileán agus cuir d'ordóg ar ais ar an eochair **OK**.

Luas Pointeora

Is féidir leat luas an Phointeora, arb é an luas ag a mbogann an Pointeoir ar an scáileán, a athrú.

Chun an luas a athrú…

1 - Brúigh agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Roghnaigh **Socruithe ginearálta** > **Socruithe pointeora / luiche** agus brúigh **OK**.
3 - Brúigh na saigheada ▲ (suas) nó ▼ (síos) chun an luas a ardú nó a ísliú.
4 - Brúigh an tsaighead ▶ (deas) chun an luas a shocraigh tú a thástáil. Cuir d'ordóg ar an eochair OK chun luas an Phointeora

a thástáil.
5 - Brúigh an tsaighead ◀ (Clé) chun filleadh ar an mbarra sleamhnáin. Is féidir leat an socrú a athrú arís.
6 - Agus an barra sleamhnáin roghnaithe agat, brúigh ◀ (clé) chun an socrú seo a stóráil agus a dhúnadh.
7 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Cas as an Pointeoir

Chun an Pointeoir a chasadh as…

1 - Brúigh ⚙ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Roghnaigh **Socruithe ginearálta** > **Pointeoir an Chianrialtáin** agus roghnaigh **As**.
3 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

6.3

Guth

Guth a úsáid

A bhuíochas le coinníollacha tacíochta ó Google atá tar éis athrú, ní bheidh fáil ar an ngné 'Cuardach gutha' a thuilleadh ar do Philips Android TV. Mar thoradh air sin, nílmid in ann rathaíocht a thabhairt a thuilleadh go n-oibreoidh an ghné 'Cuardach gutha' i gceart ar do theilifís. Gabhaimid leithscéal as an míchaoithiúlacht seo agus molaimid duit 'Cuardach' a dhéanamh le heochaircheap an chianrialtáin.

Go raibh maith agat as d'fhoighde agus do thuiscint.

Is féidir leat an teilifís a rialú díreach trí labhairt leis an gcianrialtán le Guth. Ní mór don teilifís a bheith nasctha leis an Idirlíon.

Is féidir leat insint don teilifís tiúnáil do chainéal faoi leith nó tosú ar chlár atá ar siúl cheana féin ón Eolaire teilifíse. Is féidir leat Guth a úsáid am ar bith chun cuardach a dhéanamh ar an Idirlíon. Mar rogha air sin, is féidir leat ainm Feidhmchláir a rá chun é a thosú ar an teilifís.

Chun an teilifís a rialú le Guth…

1 - Brúigh 🎙 **VOICE**.
2 - Abair an t-ordú i dtosach agus ansin an rud atá uait. Is féidir leat labhairt ar feadh 10 soicind sula gcasfar an micreafón as. Is féidir leat i gcónaí 🎙 **VOICE** a bhrú chun d'ordú a thabhairt arís. Déanfaidh an teilifís iarracht d'ordú a chomhlíonadh.

An chéad uair a bhrúnn tú an eochair 🎙 **VOICE** agus triail a bhaint as Voice, osclóidh an leathanach Cabhair faoin gcaoi Voice a úsáid. Léigh faoin gcaoi Voice a úsáid. Is féidir leat 🎙 **VOICE** a bhrú arís agus triail a bhaint as láithreach. Brúigh ⮌ **BACK** chun Cabhair a dhúnadh.

Níl Guth ar fáil i rith ghlao Skype.

Orduithe Gutha

Is féidir leat na horduithe seo a úsáid chun cabhrú le Guth an méid atá uait a thuiscint níos fearr.

WATCH, [e.g. abair 'féach ar na Muppets'] - Déanfaidh an teilifís cuardach don chlár teilifíse sin agus déanfaidh sí iarracht athrú go dtí an cainéal ceart.

CHANNEL, [e.g. abair 'cainéal BBC1'] - déanfaidh an teilifís cuardach don chainéal sin agus déanfaidh sí iarracht tiúnáil chuige.

PLAY, [e.g. abair 'seinn Jingle Bells'] - déanfaidh an teilifís cuardach don amhrán seo i do bhailiúchán ceoil agus déanfaidh sí iarracht é a sheinnt.

SEARCH, [e.g. abair 'déan cuardach do 'The Hobbit'] - déanfaidh an teilifís cuardach i do chomhaid meán agus taispeánfaidh sí na torthaí cuardaigh.

GOOGLE, [e.g. abair 'google stock market'] - déanfaidh an teilifís cuardach ar an Idirlíon agus taispeánfaidh sí torthaí an chuardaigh google.

GO TO, [e.g. abair 'téigh do dtí Philips.com'] - déanfaidh an teilifís iarracht láithreán gréasáin Philips a oscailt.

OPEN, [e.g. abair 'oscail Skype'] - déanfaidh an teilifís iarracht Skype a oscailt.

Chun na horduithe seo a dhéanamh, ní mór don teilifís a bheith in ann a dhul chomh fada leis an rud atá tú ag tóraíocht. Ní mór do chainéil a bheith suiteáilte agus ní mór do na comhaid meán a bheith socraithe chun a roinnte. Ní mór do ghléasanna nasctha a bheith casta air. Ní mór don teilifís a bheith nasctha leis an Idirlíon.

6.4

Méarchlár

Forbhreathnú

Qwerty agus Azerty

Forbhreathnú ar mhéarchlár Qwerty / Azerty.*



1 - **carachtar Azerty**
Suíomh carachtair má tá leagan amach an mhéarchláir athraithe go Azerty.

2 - **⬆Aa Iomlaoid**

Chun carachtair a chlóscríobh i gcás uachtair.

3 - **Ω Carachtair speisialta**
Chun an méarchlar ar an scáileán a oscailt chun carachtair aiceannta nó siombailí a roghnú.

4 - Eochair **Fn**
Chun uimhir nó carachtar poncaíochta a chlóscríobh.

5 - **␣ Spásbharra**

6 - **Nascleanúint** agus **OK**

7 - **Roinn é seo**
Chun a bhuil tú ag féachaint air faoi láthair a roinnt ar líne.

* Tá méarchlár Qwerty / Azerty nó Qwerty / Coireallach ar do chianrialtán, ag brath ar do réigiún.

Qwerty agus Coireallach

Forbhreathnú ar mhéarchlár Qwerty / Coireallach.*



1 - **Carachtair Choireallacha**
Na carachtair atá ar fáil nuair a athraítear an méarchlár go Coireallach.

2 - **Lascadh méarchláir Coireallach**
Chun an méarchlár a athrú go carachtair Choireallacha nó ar ais go Qwerty.

3 - **⬆Aa Shift**
Chun carachtair a chlóscríobh i gcás uachtair.

4 - **Ω Carachtair speisialta**
Chun an méarchlar ar an scáileán a oscailt chun carachtair aiceannta nó siombailí a roghnú.

5 - Eochair **Fn**
Chun uimhir nó carachtar poncaíochta a chlóscríobh

6 - **␣ Barra spáis**

7 - **Roinn é seo**
Chun a bhuil tú ag féachaint air faoi láthair a roinnt ar líne.

8 - **Nascleanúint** agus **OK**

* Tá méarchlár Qwerty/Azerty nó Qwerty/Coireallach ar do chianrialtán, ag brath ar do réigiún.

Téacs a Scríobh

Is féidir leat an méarchlár ar chúl an chianrialtáin a úsáid chun téacs a scríobh in aon réimse téacs ar an scáileán. Athraigh an méarchlár i do threo chun eochracha an chianrialtáin a ghníomhachtú. Beir ar an gcianrialtán le do dhá láimh agus úsáid do dhá ordóg chun clóscríobh.



Cuir isteach téacs

Nuair atá uait téacs a chur isteach i réimse téacs ar an scáileán, roghnaigh réimse téacs agus tosaigh ag clóscríobh.
Brúigh **OK** chun an téacs a dhearbhú.

Cás uachtair agus Cás íochtair

Chun carachtar i gcás uachtair a chlóscríobh, brúigh an eochair **⬆Aa** (lomlaoid) díreach sula gclóscríobhann tú an carachtar.
Chun roinnt carachtar i gcás uachtair a chlóscríobh i ndiaidh a chéile, brúigh agus coinnigh síos an eochair **⬆Aa** agus tú ag clóscríobh.
Chun carachtair i gcás uachtair a chlóscríobh go leanúnach, brúigh an eochair **⬆Aa** ar feadh 2 soicind chun an méarchlár a athrú go mód cáis uachtair.
Chun an méarchlár a athrú amach as cás uachtair, brúigh an eochair **⬆Aa** arís. Mura mbrúfar aon eochair ar feadh tréimhse 20 soicind, casann mód cáis uachtair as go huathoibríoch. Chomh maith leis sin, má bhrúnn tú eochair mhionathraithe eile, leithéid **Fn** nó **Ω**, fágann tú mód cáis uachtair.

Uimhreacha agus Carachtair Poncaíochta

Chun uimhir nó carachtar poncaíochta a chlóscríobh, brúigh an eochair **Fn** díreach sula gclóscríobhann tú an uimhir nó an carachtar poncaíochta atá uait. Is féidir leat an mód Fn a chasadh air nó as díreach mar a dhéanann tú do mhód cáis uachtair.

Idirlíon

Is féidir leat an eochair **Fn** a úsáid chun **www.** nó **.com** a iontráil.

Litreacha a bhfuil Aicinn orthu agus Siombailí

Níl carachtair aiceannta agus siombailí ar fáil go díreach ar Mhéarchlár an Chianrialtáin.
Is féidir leat an méarchlár ar an scáileán a oscailt chun a leithéid de charachtar a chlóscríobh.

Chun an méarchlár ar an scáileán a oscailt, brúigh **Ω**. Ar an méarchlár ar an scáileán, is féidir leat an carachtar atá uait a fháil. Athraigh leagan amach an mhéarchláir leis na heochracha dathanna. Brúigh **OK** chun carachtar a chur isteach. Imíonn an méarchlár ar an scáileán as amharc nuair a bhrúnn tú carachtar ar Mhéarchlár an Chianrialtáin.

Méarchlár Qwerty, Azerty agus Coireallach

Is é QWERTY leagan amach caighdeánach Mhéarchlár an Chianrialtáin.

Méarchlár Azerty

Is féidir Méarchlár an Chianrialtáin a athrú go Azerty, ag brath ar an réigiún ina bhfuil tú. Tá na carachtair Azerty ar taispeáint ar bharr na n-eochracha ábhartha ar thaobh na láimhe deise.

Chun méarchlár an chianrialtáin a shocrú go Azerty…

1 - Brúigh ⚙ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Socruithe Ginearálta** > **Méarchlár Cianrialtáin**.
3 - Cliceáil **Azerty** nó **Qwerty**.
4 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Méarchlár Coireallach

Is féidir Méarchlár an Chianrialtáin a athrú go carachtair Choireallacha ag brath ar an réigiún ina bhfuil tú.
Tá na carachtair Choireallacha ar taispeáint ar bharr eochracha an mhéarchláir ar thaobh na láimhse deise.

Chun carachtair Choireallacha a scríobh…

1 - Brúigh ⌨ ar an gcianrialtán.
2 - Brúigh ⌨ chun athrú ar ais go Qwerty.

6.5

Nasc leis an teilifís

Péireáil

Úsáideann an cianrialtán seo radaimhinicíocht (RF) chun a orduithe a sheoladh chuig an teilifís. I gcodarsnacht le cianrialtáin a úsáideann comharthaí infridhearg, is féidir leat orduithe a sheoladh leis an gcianrialtán seo gan pointeáil i dtreo na teilifíse.

Chun go mbeidh an cianrialtán in ann cumarsáid leis an teilifís, ba cheart an teilifís agus an cianrialtán araon a bheith péireáilte (nasctha) lena chéile. A thúisce is a bheidh siad péireáilte, ní féidir leat an cianrialtán a úsáid chun teilifís eile a rialú.
Nuair a chuir tú tús le suiteáil na teilifíse, thug an teilifís cuireadh duit an eochair **OK** a bhrú, agus leis sin, rinneadh an phéireáil.
Nuair a chasann tú as an teilifís, stóráltar an phéireáil. Is féidir suas le 5 chianrialtán a phéireáil leis an teilifís seo.

Péireáil Arís

Is féidir leat cianrialtán eile a phéireáil leis an teilifís seo.

Ní mar a chéile an modh péireála i gcás cianrialtán atá péireáilte le teilifís eile cheana féin seachas cianrialtán nár péireáileadh fós.

- **Tá an cianrialtán péireáilte le teilifís eile**

Chun an phéireáil a dhéanamh, beir ar an gcianrialtán gar do lógó Philips (thart ar 10cm uaidh) agus brúigh na heochracha ▬ Dearg agus ▬ Gorm ag an am céanna. Má éiríonn le péireáil, beidh teachtaireacht ann.

- **Níl an cianrialtán péireáilte fós**

Chun an phéireáil a dhéanamh, beir ar an gcianrialtán gar do lógó Philips (thart ar 10cm uaidh) agus brúigh **OK**. Má éiríonn le péireáil, beidh teachtaireacht ann.

Miondíól

Chun teilifís nua — nár péireáileadh fós — a phéireáil le cianrialtán atá péireáilte cheana féin le teilifís eile, beir ar an gcianrialtán gar do lógó Philips (thart ar 10cm uaidh) agus brúigh na heochracha ▬ Dearg agus ▬ Gorm ag an am céanna.

Feicfidh tú teachtaireacht más rud é gur éirigh leis an bpéireáil.

6.6

Braiteoir IR

Úsáideann cianrialtán na teilifíse RF (radaimhinicíocht) chun a orduithe a sheoladh chuig an an teilifís. Ní gá an cianrialtán a phointeáil i dtreo na teilifíse nuair atá RF ann.

Mar sin féin, tá an teilifís in ann glacadh freisin le horduithe ó chianrialtán a úsáideann IR (infridhearg) chun orduithe a sheoladh. Má úsáideann tú a leithéid de chianrialtán, bí cinnte i gcónaí go bpointeálann tú an cianrialtán i dtreo braiteoir infridhearg an chianrialtáin ar aghaidh na teilifíse.

6.7

Ceallraí

Cuirfidh an teilfís ar an eolas tú nuair a bheidh cumhacht cheallraí an chianrialtáin íseal.

Chun na ceallraí a athsholáthar, oscail raca na gceallraí ar thaobh an mhéarchláir den chianrialtán.

1 - Úsáid bonn beag nó rud beag maol eile agus brúigh an

cnaipe scaoilte, a bhfuil cruth cearnóige aige, chun clúdach na gceallraí a oscailt.
2 - Sleamhnaigh an glas gorm oscailte sa treo atá léirithe ar an tsaighead agus ardaigh an glas.
3 - Athsholáthar na seancheallraí le 2 cheallra alcaileacha den chineál **AAA-LR6-1.5V**. Bí cinnte go luífidh na deirí + agus - de na ceallraí isteach i gceart.
4 - Brúigh an glas gorm síos agus sleamhnaigh siar é go dtí go gcliceálann sé.
5 - Cuir doras na gceallraí ar ais agus brúigh síos é go dtí go gcliceálann sé.

Leag síos an cianrialtán ar feadh 15 soicind nó mar sin chun an pointeoir a chalabrú.

Bain amach na ceallraí mura mbeidh siad in úsáid agat ar feadh tréimhse fada.
Faigh réidh le do sheancheallraí de réir na dtreoracha a thugtar maidir le deireadh úsáide.

Chun tuilleadh eolais a fháil, brúigh **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Deireadh Úsáide**.

6.8

Glanadh

Tá bratú scrabhadh-fhriotaíoch ar do chianrialtán.

Chun an cianrialtán a ghlanadh, úsáid ceirt bhog thais. Ná húsáid substaintí cosúil le halcól, ceimicigh ná glantóirí tí nó an cianrialtán.

7

Rialú Gothaí

7.1

Maidir le Rialú Gotha

Is féidir leat an teilifís a oibriú le gothaí láimhe simplí le **Rialú Gotha**. Nuair a shleamhnaíonn an ceamara amach as an teilifís, is féidir leat Rialú Gotha a úsáid. Cinntigh nach bhfuil aon bhac roimh an gceamara agus é ag sleamhnú amach.

Is féidir leat cainéil a athrú le Rialú Gotha, an airde fuaime a athrú nó an fhuaim a bhalbhú. Is féidir leat díreach do lámh a úsáid chun an roghchlár Baile a oscailt nó glaoch ar an bPointeoir chun an scáileán a nascleanúint.

Bíonn an fheidhmíocht is fearr ag Rialú Gotha má tá tú os comhair na teilifíse agus idir 3 agus 5 méadar ón scáileán. Ná bíodh solas na gréine ag lonradh go díreach ar an gceamara agus ná bíodh aon rud sa bhealach air. Ní féidir leis an seomra a bheith ró-dhorcha mar go gcaitheann an ceamara gothaí do láimhe a aithint. Cabhraíonn cúlra gan phatrún leis an gceamara do lámh a fheiceáil go héasca.

Ní féidir leat Rialú Gotha a úsáid le feidhmchláir a dteastaíonn an ceamara uathu, cosúil le Skype.

7.2

Ceamara

Nuair a shleamhnaíonn an ceamara amach as an teilifís, is féidir leat Rialú Gotha a úsáid. Sleamhnóidh an ceamara isteach arís nuair a athraíonn tú an ceamara go Fuireachas.

Mura n-úsáidfidh tú Rialú Gotha, is féidir leat an ceamara a casadh as. Ní thiocfaidh an ceamara amach ach amháin nuair a theastaíonn sé uait do Skype nó do Ghéire Achair Oiriúnaithigh.

Chun an ceamara a chasadh as…

1 - Brúigh ⚙ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Socruithe Ginearálta** agus cliceáil **Ceamara**.
3 - Cliceáil **As**. Sleamhnóidh an ceamara isteach arís.
4 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

7.3

Gothaí Láimhe

Baineann Rialú Gotha úsáid as gothaí láimhe faoi leith.

• Cuir suas do lámh, agus do bhos i dtreo na teilifíse. Dúiseoidh sé sin Rialú Gotha.
• Dún do lámh - déan dorn as - agus oscail do lámh arís láithreach chun an roghchlár do ghothaí a oscailt.
• Bog do lámh oscailte chun an t-aibhsiú a bhogadh trasna an scáileáin agus chun cnaipe a roghnú.

Cliceáil
• Dún agus oscail do lámh chun cnaipe a 'chliceáil'.
• Má chuireann tú do lámh síos, fanann Rialú Gotha gníomhach ar feadh isteach is amach le 5 soicind.
• Má chuireann tú do lámh suas laistigh de 5 soicind, taispeánfar an Pointeoir nó an roghchlár do ghothaí.
• Má chuireann tú do lámh suas nuair atá na 5 soicind caite, beidh ort 'cliceáil' le do lámh arís chun an roghchlár do ghothaí a oscailt.

Is féidir leat do lámh dheas nó chlé a úsáid.

Chunan Pointeoir a úsáid le Rialú Gotha, ní mór do Chianrialtán an Phointeora a bheith casta air.
Brúigh ⚙ **Suiteáil** > **Socruithe Ginearálta** > **Pointeoir an Chianrialtáin**.

Tá luas an Phointeora atá faoi rialú do láimhe mar a chéile le luas an Phointeora.

7.4

Forbhreathnú ar Ghothaí

1 - Táscaire Rialú Gotha
Taispeánann sé an chaoi cliceáil agus an roghchlár do ghothaí a oscailt.

2 - Roghchlár Baile
Cliceáil chun an Roghchlár Baile a oscailt.

3 - Cainéal Suas nó Síos
Athraigh go dtí an chéad chainéal eile nó an ceann roimhe sin nó tosaigh ag féachaint ar an teilifís.
Cliceáil arís agus arís eile chun cainéil a zaipeáil.

4 - Taispeáin Pointeoir
Cliceáil chun athrú go dtí an Pointeoir atá rialaithe ag gothaí.

5 - Airde fuaime Suas nó Síos
Coigeartaigh an airde fuaime suas nó síos.
Cliceáil arís agus arís eile chun coigeartú.

6 - Balbhaigh/Díbhalbhaigh Fuaim
Is féidir leat an fhuaim a dhíbhalbhú freisin trí chliceáil ar Airde fuaime Suas nó Síos.

7 - Dún Roghchlár
Cliceáil chun an roghchlár gothaí a dhúnadh.

7.5

Leideanna

• Oscail do lámh go hiomlán i gcónaí agus bíodh bos do láimhe casta i dtreo na teilifíse.
• Mura bhfuil tú in ann breith go compordach ar an bPointeoir atá faoi rialú láimhe, athraigh suíomh do láimhe. Ísligh do lámh agus ardaigh arís í.
• Chun an roghchlár Baile a oscailt, ísligh do lámh agus oscail an roghchlár gothaí. Cliceáil ⌂ Roghchlár Baile le do lámh.

8

Roghchlár Baile

8.1

Oscail an Roghchlár Baile

Nasc an teilifís leis an Idirlíon chun an leas is fearr a bhaint as Android.

Díreach cosúil le d'fhón cliste Android nó do thaibléad, is é an roghchlár Baile croí do theilifíse. Ón roghchlár Baile, Is féidir leat aon fheidhmchlár a thosú, athrú go cainéal teilifíse, scannán a thógáil amach ar cíos nó athrú go gléas nasctha.

Brúigh **HOME** chun an roghchlár Baile a oscailt.

Cliceáil ar na deilbhíní ar an mbarra ag an mbarr chun an táb atá uait a roghnú.

- **Ar theilifís anois**
- **Feidhmchláir**
- **Físeán ar Éileamh**
- **Teilifís ar Éileamh**
- **Cainéil**
- **Foinsí**

D'fhéadfadh roinnt deilbhíní gan a bheith ar fáil, ag brath ar shuiteáil do theilifíse agus ar do thír. Féach ar na chéad chaibidlí eile chun tuilleadh eolais a fháil faoi na tábanna éagsúla ar an roghchlár Baile.

Chun an roghchlár Baile a dhúnadh gan aon rud a athrú, brúigh **BACK**.

8.2

Forbhreathnú

1 - **Ar theilifís anois**
2 - **Feidhmchláir**
3 - **Físeán ar Éileamh**
4 - **Teilifís ar Éileamh**
5 - **Cainéil**

6 - **Foinsí**
7 - **Fógraí**
8 - **Cuardaigh**



9 - **Eochracha dathanna**
10 - **Faisnéis**, beidh an deilbhín bán nuair atá Faisnéis ar fáil.
11 - **Roghanna**, beidh an deilbhín bán nuair atá Roghanna ar fáil.
12 - , oscail an táb i leathanach iomlán.

8.3

Fógraí

Tá an teilifís in ann glacadh le raon leathan teachtaireachtaí a dtugtar Fógraí orthu. Tá na Fógraí seo in ann a theacht ó fheidhmchlár ar bith ar do theilifís nó d'fhéadfadh do chairde nó ionaid seirbhíse Feidhmchlár iad a sheoladh chugat. Bailítear Fógraí i liosta agus cuirtear an Fógra is deireanaí ar barr.

Nuair a fhaigheann tú Fógra, taispeánfar deilbhín go hacomhair ar bharr do scáileáin ar thaobh na láimhe deise. Is féidir leat cliceáil ar an deilbhín chun fuinneog na bhFógraí a oscailt a fhad is atá sé ann.

Chun na Fógraí a oscailt am ar bith ina dhiaidh sin…

1 - Brúigh **HOME** chun an roghchlár Baile a oscailt.
2 - Cliceáil ar dheilbhín na bhFógraí ar bharr an roghchláir ar thaobh na láimhe deise.
3 - Cliceáil ar Fhógra chun é a léamh.

Brúigh ▶ (deas), chun an feidhmchlár a oscailt nuair atá Fógra roghnaithe.

Brúigh ◀ (clé), chun an Fógra atá roghnaithe a ghlanadh.

Brúigh **INFO**, chun an Fógra a fheiceáil ina iomlán.

8.4

Cuardaigh

Má tá an teilifís nasctha leis an Idirlíon, is féidir leat an réimse cuardaigh a úsáid sa roghchlár Baile.

Is féidir leat téacs a chur isteach chun cuardach cruinn a dhéanamh d'amhrán, clár teilifíse, físeán YouTube nó aon rud eile is mian leat ar an Idirlíon. Is féidir leat an Méarchlár ar Scáileán a úsáid nó Méarchlár an Chianrialtán chun téacs a chur isteach.

Mar rogha air sin, is féidir leat triail a bhaint as Guth chun díreach an rud atá á chuardach agat a rá, gan aon ghá a bheith ann an réimse Cuardach a oscailt ar an roghchlár Baile..

Chun cuardach a dhéanamh…

1 - Brúigh **HOME** chun an roghchlár Baile a oscailt.
2 - Cliceáil chun an réimse cuardaigh a oscailt.
• Taispeánfar an Méarchlár ar Scáileán go huathoibríoch. Is féidir leat do théacs a chur isteach anseo leis na heochracha nascleanúna. Chun an Méarchlár ar Scáileán a chur i bhfolach, brúigh **BACK**.
• Má thosaíonn tú ag úsáid Méarchlár an Chianrialtáin, imeoidh an Méarchlár ar Scáileán as amharc.

Taispeánfar torthaí do chuardaigh tar éis cúpla soicind. Bog suas nó síos chun féachaint ar na cineálacha éagsúla ábhair atá aimsithe agat.

9

Ar an teilifís anois

9.1

Maidir le Ar Theilifís Anois

Tá **Ar Theilifís Anois** sa roghchlár Baile in ann na 9 clár is mó a bhfuil tóir orthu faoi láthair a mholadh.

Molann an teilifís cláir atá ar an teilifís anois nó ag tosú laistigh de 15 nóiméad. Roghnaítear na cláir a moltar ó na cainéil atá suiteáilte agat. Déantar an rogha ó chainéil do thíre. Anuas air sin, is féidir leat ligint do **Ar Theilifís Anois** roinnt moltaí pearsantaithe a dhéanamh duit atá bunaithe ar na cláir a bhféachann tú orthu go rialta.

Chun na moltaí pearsantaithe sin a fháil, ní mór duit aontú leis an **Toiliú le Moltaí Pearsantaithe** sna **Téarmaí Úsáide**. Má tá na Téarmaí Úsáide glactha agat cheana féin, cinntigh gur chuir tú tic sa bhosca Toiliú le Moltaí Pearsantaithe. Is féidir leat sonraí an toilithe a léamh sula n-aontóidh tú leis.

Chun aontú leis na Téarmaí Úsáide agus leis an Toiliú le Moltaí Pearsantaithe, brúigh an eochair datha **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Téarmaí Úsáide, Feidhmchláir**.

Ní stórálann an teilifís moltaí a rinneadh roimhe seo. Níl eolas Ar Theilifís Anois ar fáil ach i dtíortha áirithe.

9.2

A bhfuil de dhíth ort

Chun eolas Ar Theilifís Anois a chur ar fáil…

- ní mór don teilifís na cainéil a bheith suiteáilte.
- ní mór d'eolas Ar Theilifís Anois ar fáil i do thír.
- ní mór do Chlog na teilifíse a bheith socraithe d'Uathoibríoch nó Ag Brath ar an Tír.
- ní mór duit glacadh leis na Téarmaí Úsáide (B'fhéidir gur ghlac tú leo cheana féin nuair a nasc tú leis an Idirlíon).
- Tagann Sonraí an Eolaire Teilifíse ón Idirlíon go roghnach ach d'fhéadfaidís teacht ón gcraoltóir mura bhfuil aon rátáil tuismitheora socraithe nó má tá na cainéil glasáilte.

Molaimid go nascfaí an teilifís leis an Idirlíon.

Ní thaispeánfar an deilbhín ar an mbarra ar bharr an roghchlár Baile nuair atá eolas Ar Theilifís Anois ar fáil.

9.3

Ar Theilifís Anois á úsáid

Nuair a osclaíonn tú **Ar Theilifís Anois**, d'fhéadfadh roinnt soicind a bheith ag teastáil ón teilifís chun an t-eolas leathanaigh a athnuachan.

Chun Ar Theilifís Anois a oscailt…

1 - Brúigh **HOME** chun an roghchlár Baile a oscailt.
2 - Cliceáil ar an mbarra ar barr chun **Ar Theilifís Anois** a oscailt.

Is féidir leat na rudaí seo a leanas a dhéanamh le Ar Theilifís Anois…

- cliceáil ar dheilbhín cláir chun tiúnáil go dtí clár atá ar siúl.
- cliceáil ar dheilbhín cláir atá sceidealta chun tiúnáil go dtí an cainéal.
- cliceáil ar fhógra chun láithreán gréasáin an fhógra a oscailt.

Chun Ar Theilifís Anois a fhágáil gan tiúnáil go dtí cainéal eile, brúigh **BACK**.

Is féidir leat na heochracha datha a úsáid chun taifeadadh a thosú, a stopadh nó a bhaint as. Is féidir leat fógra a thugann foláireamh duit nuair a thosaíonn clár a shocrú nó a bhaint as.

10

Feidhmchláir

10.1

Maidir le Feidhmchláir

Osclaíonn tú na leathanaigh Feidhmchláir le **Feidhmchláir** sa roghchlár Baile.

Taispeánann na leathanaigh Feidhmchláir an bailiúcháin Feidhmchlár ar do theilifís. Díreach cosúil le Feidhmchláir ar d'fhón cliste nó do thaibléad, tairgeann na Feidhmchláir ar do theilifís feidhmeanna sonracha chun d'eispéireas teilifíse a shaibhriú. Feidhmchláir cosúil le YouTube, Twitter, cluichí teilifíse nó tuartha aimsire (i measc feidhmchlár eile). Nó oscail Feidhmchlár Brabhsálaí Idirlín cosúil le Google Chrome chun an tIdirlíon a scimeáil.

Tá Feidhmchláir in ann teacht ó **Gailearaí na bhFeidhmchlár Philips** nó siopa **Google Play™**. Tá roinnt Feidhmchlár praiticiúil réamhshuiteáilte ar do theilifís. Tá roinnt de na Feidhmchláir in ann Giúirléidí a thairiscint a thaispeántar ar leathanaigh na bhFeidhmchlár.

Chun Feidhmchláir a shuiteáil ó Gailearaí na bhFeidhmchlár Philips nó ó shiopa Google Play, ní mór don teilifís a bheith nasctha leis an Idirlíon.

10.2

Feidhmchlár a shuiteáil

Is féidir leat Feidhmchlár a shuiteáil ó Ghailearaí na bhFeidhmchlár Philips nó ó shiopa Google Play.

Chun Feidhmchlár a shuiteáil…

1 - Brúigh **HOME** chun an roghchlár Baile a oscailt.
2 - Cliceáil sa bharra ar barr chun **Feidhmchláir** a oscailt.
3 - Cliceáil ar dheilbhín **Gailearaí na bhFeidhmchlár**nó ar dheilbhín **Google Play**.
4 - Roghnaigh an Feidhmchlár atá uait agus cliceáil an cnaipe suiteála in aice leis an bhFeidhmchlár.

Suiteálfaidh an teilifís an Feidhmchlár.

Nuair a bheidh sé suiteáilte, taispeánfar deilbhín an Fheidhmchláir ar leathanaigh na bhFeidhmchlár. Osclaíonn Feidhmchláir a suiteáltar ó Ghailearaí na bhFeidhmchlár go huathoibríoch tar éis a suiteála.

Má tá aon fhadhb agat agus tú ag suiteáil Feidhmchlár, seiceáil na socruithe sa siopa Google Play ar dtús.

10.3

Tosaigh Feidhmchlár

Is féidir leat Feidhmchlár a thosú ó leathanaigh na bhFeidhmchlár.

Chun Feidhmchlár a thosú…

1 - Brúigh **HOME** chun an roghchlár Baile a oscailt.
2 - Cliceáil sa bharra ar barr chun **Feidhmchláir** a oscailt.
3 - Cliceáil ar thaobh na láimhe deise chun an Feidhmchláir a oscailt i leathanach iomlán. Bog síos chun an chéad leathanch eile a fháil.
4 - Cliceáil ar dheilbhín an Feidhmchláir chun an Feidhmchlár a thosú.

Chun Feidhmchlár a stopadh…

Brúigh **HOME** agus roghnaigh gníomhaíocht eile nó brúigh **EXIT** chun féachaint ar theilifís.

10.4

Chrome

Oscail an Brabhsálaí

Is féidir leat an tIdirlíon a oscailt ar an teilifís leis an mbrabhsálaí Idirlín Chrome.

Chun an tIdirlíon a bhrabhsáil…

1 - Brúigh **HOME** chun an roghchlár Baile a oscailt.
2 - Cliceáil sa bharra ar barr chun **Feidhmchláir** a oscailt.
3 - Aimsigh deilbhín an Fheidhmchláir **Chrome** agus cliceáil an deilbhín.

Is féidir leat féachaint ar aon láithreán gréasáin ar do theilifís ach d'fhéadfadh roinnt acu gan a bheith feiliúnach do scáileán na teilifíse.

• Tá roinnt breiseán (m.sh. chun féachaint ar leathanaigh nó ar fhíseáin) nach bhfuil ar fáil ar do theilifís.
• Taispeántar leathanaigh Idirlín mar leathanach amháin ag aon am amháin agus líonann siad an scáileán.

Chun éirí as brabhsáil an Idirlín…

Brúigh **HOME** agus roghnaigh gníomhaíocht eile nó brúigh **EXIT** chun féachaint ar theilifís.

Leideanna Brabhsálaí

Is féidir leat an Pointeoir a úsáid chun leathanaigh a svaidhpeáil nó a scrolláil.

Chun svaidhpeáil…

1 - Cuir an Pointeoir ar imeall clé nó deas leathanaigh.
2 - Cliceáil agus coinnigh síos an eochair **OK** agus svaidhpeáil an cianrialtán ar dheis nó ar chlé chun an chéad leathanach eile nó an leathanach roimhe sin a thaispeáint.

Chun scrolláil…

1 - Cuir an Pointeoir i lár an leathanaigh.
2 - Cliceáil agus coinnigh síos an eochair **OK** agus bog an cianrialtán suas nó síos.

Nuair a scrollann tú, d'fhéadfadh na tábanna agus seoltaí ar bharr an leathanaigh imeacht as amharc.

Chun na tábanna agus an barra seolaí a thaispeáint arís…

1 - Cuir an Pointeoir ar imeall bharr an leathanaigh.
2 - Cliceáil agus coinnigh síos an eochair **OK** agus bog an cianrialtán síos.

Tá an seans ann go n-athróidh Google Chrome feidhmiúlacht an bhrabhsálaí le himeacht ama.

10.5

Glas Feidhmchláir

Is féidir leat an teilifís a shocrú chun Feidhmchláir nach bhfuil feiliúnach do leanaí a ghlasáil.

Ní féidir ach Feidhmchláir ó Ghailearaí na bhFeidhmchlár a ghlasáil. Chun Feidhmchlár a dhíghlasáil, teastaíonn cód PIN an Ghlais Leanaí atá curtha ar an teilifís.

Chun Feidhmchláir nach bhfuil feiliúnach do leanaí a ghlasáil…

1 - Brúigh **HOME** chun an roghchlár Baile a oscailt.
2 - Cliceáil sa bharra ar barr chun **Feidhmchláir** a oscailt.
3 - Brúigh **OPTIONS** agus cliceáil **Téarmaí Úsáide**. Murar ghlac tú leis seo fós, is féidir leat é a dhéanamh anois.
4 - Ar an gcéad leathanach eile, cliceáil an tic in aice le **Allow 18+ App Locking**.
5 - Brúigh **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

10.6

Giúirléidí

Maidir le Giúirléidí

Is fuinneog bheag ar leathanaigh na bhFeidhmchlár Giúirléid. Taispeánann Giúirléidí go leor cineálacha eolais, cosúil le teachtaireachtaí, tuar na haimsire, moltaí, etc. de réir cineál na Giúirléide. Ní gá duit Giúirléid a thosú, a thúisce is a chuirtear Giúirléid ar leathanaigh na bhFeidhmchlár, tá sé 'air' i gcónaí.

Tá dhá chineál Giúirléide ann. Tagann roinnt Giúirléidí ó Fheidhmchlár agus tá deilbhín Feidhmchláir agus Giúirléid acu. Tá Giúirléidí eile ann nach bhfuil deilbhín Feidhmchláir acu agus níl acu ach Giúirléid. Nuair a shuiteálann tú Feidhmchlár lena dheilbhín féin agus le Giúirléid, ní mór duit an Ghiúirléid a chur ar leathanaigh na bhFeidhmchlár tú féin. Cuirtear Giúirléidí nach bhfuil deilbhín Feidhmchláir ar leith acu le na leathanaigh Feidhmchlár go huathoibríoch.

Chun Giúirléid a chur ar leathanaigh Feidhmchlár…

Tar éis duit an Feidhmchlár a shuiteáil ar na leathanaigh Feidhmchlár, brúigh an eochair datha **Giúirléidí**.

Sa liosta Giúirléidí, cliceáil ar an nGiúirléid a bhfuil uait é a chur ar na leathanaigh Feidhmchlár. Tugann táscaire - e.g. 2x3 nó 1x2 - le fios an spás a thógfaidh sé ar na leathanaigh Feidhmchlár.

